Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14036/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0354(NLE)**

**PECHE 442**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 802 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 802 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 802 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2020
COM(2020) 802 final

2020/0354 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú

Is é an Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú ('an Comhaontú') an chéad chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach lena ndírítear go sonrach ar an iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN).

Is é is príomhchuspóir don Chomhaontú an iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú trí chosc a chur ar shoithí atá i mbun iascaireacht NNN calafoirt a úsáid agus a ngabhálacha a thabhairt isteach sna margaí. Ar an gcaoi sin, laghdaítear leis an gComhaontú an dreasacht atá ann do na soithí sin leanúint de bheith ag feidhmiú, agus san am céanna cuirtear bac leis an gComhaontú le táirgí iascaigh a dhíorthaítear ón iascaireacht NNN margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach. Sa deireadh, cuireann cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe le caomhnú fadtéarmach agus le húsáid inbhuanaithe beo-acmhainní muirí agus éiceachóras muirí. Tá feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe maidir le soithí iascaireachta atá ag iarraidh dul isteach i gcalafort de chuid Stáit nach é a Stát brataí é.

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú faoi chuimsiú na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, a bhfuil an tAontas Eorpach ina bhall di. Rinne Comhdháil FAO é a fhormheas ag a séú Seisiún is tríocha an 22 Samhain 2009, trí Rún Uimh. 12/2009, faoi Airteagal XIV, mír 1 de Bhunreacht FAO. Tháinig sé i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2016 agus tá 67 bPáirtí ann anois[1].

Bhí an tAontas Eorpach ar cheann de na chéad pháirtithe a bhí ina pháirtí sa Chomhaontú[2], in 2011.

### 2.2. Cruinniú na bPáirtithe

Is é cruinniú na bPáirtithe an comhlacht cinnteoireachta faoin gComhaontú a thiocfaidh le chéile gach dara bliain nó níos minice má chinneann sé amhlaidh[3].

---

1 Deireadh Fómhair 2020; http://www.fao.org/port-state-measures/background/parties-psma/en/

2 Cinneadh (AE) 2011/443 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú (IO L 191, 22.7.2011, lch. 1).

Foráiltear freisin in Airteagal 24 mír 2 den Chomhaontú go ndéanfaidh FAO, ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, cruinniú de na Páirtithe a thionól chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chomhaontaithe sin maidir lena chuspóir a bhaint amach[4]. Déanfaidh na Páirtithe cinneadh ansin maidir le cruinnithe eile den sórt sin de réir mar is gá.

Féadfar cruinnithe speisialta de na Páirtithe a thionól freisin cibé tráthanna eile a mheasfaidh na Páirtithe is gá, nó arna iarraidh sin i scríbhinn d'aon Pháirtí[5].

## 2.3. Cinntí ó chruinniú na bPáirtithe

Tá an t-údarás ag cruinniú na bPáirtithe bearta a ghlacadh chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú agus tá na bearta sin ina gceangal ar na páirtithe conarthacha.

I bprionsabal, is de chomhthoil a ghlacann Páirtithe cinntí maidir le substaint ach, i gcás ina gcinnfidh an Cathaoirleach go bhfuil na hiarrachtaí uile chun teacht ar chomhthoil ídithe, is le tromlach simplí de na vótaí a chaitear a dhéanfar an cinneadh[6].

Féadfar leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chruinnithe na bPáirtithe a ghlacadh de chomhthoil agus, mura féidir teacht ar chomhthoil, glacfar an cinneadh le tromlach dhá thrian de na vótaí a chaitear, ar choinníoll gur mó an tromlach sin ná leath de na Páirtithe[7]. Tá cearta rannpháirtíochta agus vótála ag an Aontas.

# 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontas i gcruinniú na bPáirtithe, moltar an seasamh a bhunú de réir cur chuige dhá leibhéal. Leagfar amach le Cinneadh ón gComhairle bunphrionsabail agus treoshuíomhanna sheasamh an Aontais ar bhonn ilbhliantúil, agus, dá éis sin, déantar an seasamh a choigeartú le haghaidh gach cruinnithe le páipéir leathoifigiúla ón gCoimisiún a phléifear i Meitheal na Comhairle.

Leantar den chur chuige sin freisin faoi láthair in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) arb é an seasamh é atá le glacadh thar ceann an Aontais sna cruinnithe sin.

Cuimsítear sa chinneadh seo prionsabail agus treoshuíomhanna an chomhbheartais iascaigh (CBI), mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus tá sé bunaithe ar an gcóras Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a

---

3 Riail 5.1 de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chruinnithe na bPáirtithe.
4 Ba cheart an cruinniú seo, a bheidh á óstáil ag an Aontas, a bheith ann in 2020 ach cuireadh siar é go dtí 2021 mar gheall ar COVID-19.
5 Riail 5.2. de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chruinnithe na bPáirtithe.
6 Rialacha 7.2 agus 7.3 de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chruinnithe na bPáirtithe. Riail XVII.3(a) Rialacha Ginearálta na hEagraíochta.
7 Riail 13 de na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chruinnithe na bPáirtithe.
8 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

dhíothú, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008. Cuirtear san áireamh ann forálacha Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Chomhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú[9], Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[10], Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla[11] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 404/2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú [12].

Cuirtear san áireamh leis an gcinneadh seo freisin gealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 (UNCLOS), faoi Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Caomhnú agus Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach an 4 Lúnasa 1995 (Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc), an Comhaontú chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn an 24 Samhain 1993 ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (Comhaontú maidir le comhlíontacht FAO) mar aon le bearta iltaobhacha agus déthaobhacha eile.

Léirítear leis an gcinneadh seo na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné sheachtrach CBI[13] agus sna Conclúidí gaolmhara ón gComhairle, sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí[14], sna Conclúidí ón gComhairle[15] maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún maidir le '*International ocean governance: an agenda for the future of oceans*'[16] [Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan], lena n-áirítear i ndáil le comhar le tríú tíortha chun an Comhaontú ar Bhearta Stáit an Chalafoirt a chur chun feidhme. Breithnítear ann freisin gnéithe den iascaireacht NNN i Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh[17] agus sa Phlean Gníomhaíochta[18] cur chun feidhme athbhreithnithe a ghabhann léi.

Ar deireadh, bunaítear an Cinneadh seo ar an ráiteas sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas[19] go nglacfadh an Coimisiún cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh i leith iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, cuspóir a athdhearbhaíodh ina dhiaidh sin sa dá Theachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030'[20] agus maidir le 'Straitéis ón

9 IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
10 IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.
11 IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.
12 IO L 112, 30.4.2011, lch. 1.
13 COM (2011) 424, 13.7.2011.
14 14249/19, 19.11.2019.
15 7348/1/17 REV 1, 24.3.2017.
16 JOIN (2016) 49 final, 10.11.2016.
17 Doic. 11205/14 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 24.6.2014
18 Doic. 10494/18 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 26.6.2018
19 COM (2019) 640 final, 11.12.2019.
20 COM (2020) 380 final, 20.5.2020.

bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh Córas Bia atá Cothrom, Sláintiúil agus Neamhdhíobhálach don Chomhshaol'[21].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[22].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é cruinniú na bPáirtithe arna bhunú le comhaontú, eadhon an Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

Na gníomhartha a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe a ghlacadh is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ag cruinnithe na bPáirtithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais, eadhon:

- Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú[23];
- Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Chomhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú[24];
- Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha[25];

---

21 COM (2020) 381 final, 20.5.2020.
22 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin v an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.
23 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.
24 IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
25 IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.

- Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla[26];
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú[27].

Leis na gníomhartha atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le hiascaigh a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe. Is é Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 an bunús dlí lena leagtar amach na prionsabail atá le léiriú leis an seasamh seo.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 43(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

---

26 IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.
27 IO L 112, 30.4.2011, lch. 1.

2020/0354 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú (‘an Comhaontú’), a caibidlíodh faoi choimirce na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO), a bhfuil an tAontas ina Bhall di, rinne an tAontas é a fhormheas le Cinneadh (AE) 2011/443 ón gComhairle[1]. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 5 Meitheamh 2016.

(2) Is é cruinniú na bPáirtithe an comhlacht cinnteoireachta faoin gComhaontú agus tá an t-údarás aige bearta a ghlacadh atá ina gceangal ar na Páirtithe chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Tiocfaidh sé le chéile gach dara bliain nó níos minice má chinneann sé amhlaidh.

(3) Foráiltear freisin in Airteagal 24 mír 2 den Chomhaontú go ndéanfaidh FAO, ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, cruinniú de na Páirtithe a thionól chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chomhaontaithe maidir lena chuspóir a bhaint amach. Déanfaidh na Páirtithe cinneadh ansin maidir le cruinnithe eile den sórt sin de réir mar is gá. Féadfar cruinnithe speisialta de na Páirtithe a thionól freisin cibé tráthanna eile a mheasfaidh na Páirtithe is gá, nó arna iarraidh sin i scríbhinn d'aon Pháirtí.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú a bhunú le haghaidh an chéad chruinnithe athbhreithnithe den

---

[1] Cinneadh (AE) 2011/443 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Bearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú (IO L 191, 22.7.2011, lch. 1).

Chomhaontú[2] mar a leagtar amach in Airteagal 24(2) den Chomhaontú, agus le haghaidh na dtrí chruinniú dhébhliantúla ina dhiaidh sin de chuid na bPáirtithe agus le haghaidh aon chruinniú idirsheisiúnach gaolmhar i ndáil leis sin, amhail ó ghlacadh an tseasaimh reatha, toisc go mbeidh bearta faoin gComhaontú ina gceangal ar an Aontas agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar dhlí an Aontais, eadhon Rialacháin (CE) Uimh. 1005/2008[3] agus (CE) Uimh. 1224/2009[4] ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2403[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 404/2011 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú[6].

(5) I bhfianaise an ghá atá ann forbairtí nua a chur san áireamh le seasamh an Aontais, bunaithe ar fhaisnéis ábhartha arna cur i láthair roimh chruinnithe na bPáirtithe nó lena linn, ba cheart nósanna imeachta a bhunú freisin, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, le haghaidh sonrú sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain le haghaidh an chéad chruinnithe athbhreithnithe den Chomhaontú a leagtar amach i mír 2 d'Airteagal 24, chomh maith le trí chruinniú dhébhliantúla na bPáirtithe ina dhiaidh sin agus aon seisiún gaolmhar.

(6) Is é is príomhchuspóir don Chomhaontú iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú trí chosc a chur ar shoithí atá i mbun iascaireacht NNN calafoirt a úsáid agus a ngabhálacha a thabhairt isteach sna margaí. Ar an gcaoi sin, laghdaítear leis an gComhaontú an dreasacht atá ann do na soithí sin leanúint de bheith ag feidhmiú, agus san am céanna cuirtear bac leis an gComhaontú le táirgí iascaigh a dhíorthaítear ón iascaireacht NNN margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach.

(7) Tá an iascaireacht NNN ar cheann de na bagairtí is mó dá bhfuil ann i ndáil le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha agus cuireann sí bunsraith Chomhbheartas Iascaigh an Aontais i mbaol mar aon le hiarrachtaí idirnáisiúnta arb é is aidhm dóibh rialachas níos fearr ar na haigéin a chur chun cinn.

(8) Tá cruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú freagrach as bearta a ghlacadh atá ceaptha chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní muirí agus éiceachóras muirí a áirithiú. Ba cheart ról gníomhach, éifeachtach agus cuiditheach a bheith ag an Aontas sna cruinnithe sin chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú agus chun comhar idirnáisiúnta maidir le hiascaireacht NNN a chothú.

---

2 Comhaontú atá beartaithe faoi láthair ón 31[ú] Bealtaine go dtí an 4[ú] Meitheamh 2021.
3 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.
4 IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
5 IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.
6 IO L 112, 30.4.2011, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

Bunaítear an seasamh sin le haghaidh an chéad chruinnithe athbhreithnithe den Chomhaontú mar a leagtar amach é ina Airteagal 24(2) agus le haghaidh na dtrí chruinniú dhébhliantúla de na Páirtithe ina dhiaidh sin agus le haghaidh aon chruinniú idirsheisiúnach gaolmhar.

*Airteagal 2*

Seolfar i gcomhréir le hIarscríbhinn II sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain atá le glacadh i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú a luaitear sa dara mír d'Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Chomhairle seasamh an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, a athbhreithniú ar thogra a fháil ón gCoimisiún tar éis an tríú cruinniú débhliantúil dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 1 ar a dhéanaí le haghaidh chruinniú na bPáirtithe sa Chomhaontú.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*